

# An Coiste Iniúchta

Treoir Ghairid



Oifig an Stiúirthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach  
Office of the Director  
of Corporate Enforcement



## Clár

---

Maidir leis an Treoir seo	2
An coiste iniúchta	2
Conas a dhéantar obair an choiste iniúchta?	2
Comhaltaí an choiste iniúchta	3
Na cuideachtaí ar gá dóibh coiste iniúchta a bheith acu	4
An mbíonn cabhair ar bith ag an gcoiste iniúchta i mbun na hoibre?	4
Cé chomh minic agus a bhíonn cruinnithe ag an gcoiste iniúchta?	5
Cé a bhíonn i láthair ag cruinnithe den choiste iniúchta?	5
Cad is ceart a íoc le comhaltaí an choiste iniúchta?	6
Ar cheart oiliúint a chur ar chomhaltaí den choiste iniúchta?	6
Cathain is ceart comhaltaí an choiste iniúchta a athrú?	7
Cad eile is féidir le coiste iniúchta a dhéanamh?	7
Cá mbeadh breis eolais faoi choistí iniúchta ar fáil agam?	8

## Maidir leis an Treoir seo

---

Cuirtear an treoir ghairid seo ar fáil chun an ról atá le coistí iniúchta faoi Acht na gCuideachtaí a mhíniú.

## An coiste iniúchta

---

Is grúpa daoine coiste iniúchta na cuideachta arb é príomhchúram a leagtar orthu:

- monatóireacht a dhéanamh ar phróiseas tuairiscíochta na cuideachta maidir le cúrsaí airgeadais;
- monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht chórais na cuideachta don rialáil inmheánach, don iniúchóireacht inmheánach agus don bhainistíocht maidir le cúrsaí baoil;
- monatóireacht a dhéanamh maidir le ráitis airgeadais reachtúla na cuideachta; agus
- monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar neamhspleáchas an iniúcháora reachtúil maidir le seirbhísí eile a chuirtear ar fáil don chuideachta.

Ba chóir gur stiúrthóirí neamhspleácha de chuid na cuideachta an chuid is mó de chomhaltaí an choiste iniúchta.

## Conas a dhéantar obair an choiste iniúchta?

---

De ghnáth, oibríonn an coiste iniúchta:

- leis an **iniúchóir seachtrach** chun a chinntiú go dtugtar léargas cruinn cóir ar staid na cuideachta le ráitis airgeadais na cuideachta; agus
- le haon **iniúchóir inmheánach** a bhfuil de chúram air/uirthi a sheiceáil go bhfuil bearta rialála agus córais eile airgeadais na cuideachta ag feidhmiú mar ba chóir.

Is iondúil go roghnaíonn an coiste iniúchta duine de na comhaltaí mar **chathaoirleach**. Cinntíonn an cathaoirleach go ndéanann an coiste de réir mar atá ceaptha dó a dhéanamh. An cathaoirleach a ritheann cruinnithe an choiste agus a shocraíonn go gcoinnítear tuairisc ar a socraíonn an coiste i miontuairiscí an chruinnithe.

Déanann an coiste de ghnáth clár oibre a leagan amach freisin agus d'fhéadfadh go n-iarrfadh an coiste ar iniúchóir inmheánach na cuideachta gnéithe éagsúla den ghnó a scrúdú agus tuarascáil a chur ar fáil ina leith.

Is iondúil go n-ullmhaíonn an coiste iniúchta tuarascáil dá chuid féin ag deireadh na bliana ina dtugtar tuairisc ar obair an choiste. Is gnáth an tuarascáil sin a bheith ina chuid de thuarascáil bhliantúil na cuideachta a sheoltar chuig na scairshealbhóirí ar fad.

## Comhaltaí an Choiste Iniúchta

---

Ba cheart go mbeadh daoine ar chomhaltaí an choiste iniúchta a bhfuil tuiscint acu ar chúrsaí cuntasáíochta. Ní mór dóthain neamhspleáchais i ngach duine acu gur féidir leo tuairisc a thabhairt ar aon fhadhbanna a thugtar faoi deara, gan bheann ar aon deacracht don chuideachta a thiocthadh chun cinn.

Sa chás go n-éilítear coiste iniúchta a chur ar bun faoi dhlí na gcuideachtaí, ní mór ar a laghad aon stiúrthóir neamhspleách neamhfheidhmiúcháin amháin de chuid na cuideachta a bheith ar an gcoiste. Sa chás gur mó ná aon stiúrthóir neamhspleách amháin atá i gceist, ní mór duine de na stiúrthóirí a bheith inniúil ar chúrsaí cuntasáíochta nó iniúchóireachta.

Ba cheart gur stiúrthóirí neamhspleácha na daoine a cheaptar ar choistí iniúchta sa chuid is mó de na cásanna.

Ciallaíonn **neamhspleách** nach raibh le trí bliana anuas, agus nach bhfuil go fóill, aon cheangal suntasach eile airgeadais ag an stiúrthóir leis an gcuideachta. Ciallaíonn stiúrthóir **neamhfheidhmiúcháin** nach mbíonn baint ag an stiúrthóir le bainistíocht na cuideachta ó lá go chéile.

## Na cuideachtaí ar gá dóibh coiste iniúchta a bheith acu

---

Ní mor do gach Cuideachta Phoiblí Theoranta (CPT), chomh maith le gach ‘eintiteas leasa poiblí’, coiste iniúchta a chur ar bun.

Is iad na heintitis leasa poiblí:

- na cuideachtaí a bhfuil a gcuid scaireanna luaite ar an stocmhalartán;
- na bancanna agus institiúidí creidmheasa áirithe eile; agus
- na comhlachtaí árachais.

Tá de rogha ag na stiúrthóirí i gcuideachtaí móra eile a shocrú an gcuirtear coiste iniúchta ar bun. Ní mór dóibh, ina ainneoin sin, tuairisc a thabhairt i ráitis airgeadais na cuideachta ar an gcinneadh ina leith sin agus ar na cúiseanna leis.

## An mbíonn cabhair ar bith ag an gcoiste iniúchta i mbun na hoibre?

---

Bíonn eolas ón gcuideachta de dhíth ar an gcoiste, go háirithe roimh na cruinnithe. Thiocfadh i gceist leis sin tuarascálacha agus páipéirí a bhaineann le hábhar atá le plé ag cruinniú. Is iondúil go ndéanann rúnaí na cuideachta socrú ina leith sin agus go gcoinníonn an rúnaí miontuairiscí gach ceann de na cruinnithe chomh maith.

D'fhéadfadh go mbeadh gá ó am go chéile ag an gcoiste le comhairle dlí, comhairle cuntasáochta nó comhairle eile, agus go mbeadh airgead de dhíth ón gcuideachta chun a chostas sin a ghlanadh.

## Cé chomh minic agus a bhíonn cruinnithe ag an gcoiste iniúchta?

---

Ba cheart cruinnithe den choiste a eagrú go rialta i rith na bliana. Socraíonn an cathaoirleach an uair is gá don choiste a theacht le chéile. Is iondúil go mbeadh cruinniú ag an gcoiste ar a laghad trí huair sa bhliain. Is gnáthrud na cruinnithe sin a eagrú:

- roimh an iniúcháireacht;
- nuair atá dréacht de na ráitis airgeadais ullmhaithe; agus
- nuair a thugtar an iniúcháireacht chun críche.

## Cé a bhíonn i láthair ag cruinnithe den choiste iniúchta?

---

Ba cheart do chomhaltaí uile an choiste a theacht i láthair ag na cruinnithe go léir. Is féidir leis an gcoiste a iarraidh ar dhaoine eile a theacht i láthair chomh maith chun ceistanna a fhreagairt. D'fhéadfadh an stiúrthóir airgeadais, rúnaí na cuideachta, an t-iniúcháir seachtrach agus ceannasaí an aonaid iniúchta inmheánaigh a bheith orthu sin a d'iarrfaí i láthair.

## Cad is ceart a íoc le comhaltaí den choiste iniúchta?

---

Bíonn coiste iniúchta deonach ag roinnt cuideachtaí gan íocaíocht ar bith leis na comhaltaí. Sa chás go roghnaíonn cuideachta comhaltaí an choiste iniúchta a íoc, ba chóir a thabhairt san áireamh:

- an t-am agus an dua a chaitheann comhaltaí an choiste ag ullmhú do na cruinnithe;
- an t-am agus an costas a chaitear le freastal ar chruinnithe; agus
- na scileanna a chuireann na comhaltaí chun fóinimh don choiste.

Ó tharla gur iondúil níos mó oibre le déanamh ag an gcathaoirleach ná mar a bhíonn ag comhaltaí eile an choiste, is iondúil níos mó a íoc leis an gcathaoirleach.

## Ar cheart oiliúint a chur ar chomhaltaí den choiste iniúchta?

---

Is cinnte gur cheart. Ar a gceapadh ar an gcoiste, ba cheart comhaltaí a chur ar an eolas faoi obair an choiste agus faoi aon bhaol nó dúshlán a bheadh ann don chuideachta. Ba cheart deis a bheith acu chomh maith bualadh le roinnt den fhoireann a mbeidh siad ag obair leo.

Ba chóir go gcuirfeadh an oiliúint a chuirtear ar fáil na comhaltaí ar an eolas faoi athruithe ábhartha ar an dlí agus ar ghnáis cuntasaíochta agus iniúcháireachta. Is é is fearr má tá cleachtadh ag na comhaltaí ar chúrsaí airgeadais. Ina ainneoin sin, má tá gá ag comhaltaí leis, ba chóir don chuideachta oiliúint a chur ar fáil i léamh agus i léirtheiscint ráiteas airgeadais.



## Cathain is ceart comhaltaí an choiste iniúchta a athrú?

---

Is maith an rud do chuideachtaí daoine nua a bheith ag cur tuairimí úra chun tosaigh ar an gcoiste iniúchta. Ionas gur féidir leis sin tarlú, ba chóir don chuideachta ar a laghad aon stiúrthóir nua amháin a cheapadh ar an gcoiste gach dhá bhliain nó mar sin.

## Cad eile is féidir le coiste iniúchta a dhéanamh?

---

### **Iniúcháir seachtrach nua a mholadh**

D'fhéadfadh an coiste iniúchta an cheist a mheas gach bliain ar chóir an t-iniúcháir seachtrach a choinneáil nó a athrú. Sa chás go socraíonn an coiste iniúchta go bhfuil iniúcháir seachtrach nua de dhíth ar an gcuideachta, ba chóir sin a chur in iúl don bhord stiúrtha. Sa chás go socraíonn an bord gan déanamh de réir na comhairle sin, ba chóir don bhord an chúis leis an gcinneadh sin a mhíniú do na húinéirí nó do na scairshealbhóirí i dtuarascáil bhliantúil na cuideachta.

### **Tuairiscí eile a bhreithniú**

Ag brath ar an gcineál gnó a dhéanann an chuideachta, d'fhéadfadh go mbeadh tuairiscí eile le cur ar fáil do chomhlachtaí rialtais, mar shampla, do rialtóirí. D'fhéadfadh an coiste iniúchta tuairiscí den chineál sin a bhreithniú le linn a ndrúachtadh nó san fhoirm chríochnúil.

## Cúnamh do sceithirí

Is daoine sceithirí a bhfuil baint acu le cuideachta agus a chuireann in iúl nuair atá gníomhartha míchuí ar siúl. Sa chás nach dóigh leo gur féidir mí-obair a chur in iúl don bhainisteoir, ba cheart go mbeadh bealach acu chun a chur in iúl do dhuine neamhspleách a bhfuil d'údarás aige nó aici an cás a fhiosrú. Is féidir leis an gcoiste iniúchta a chinntiú go bhfuil bealach chuige sin á chur ar fáil ag an gcuideachta.

## Cá mbeadh breis eolais faoi choistí iniúchta ar fáil agam?

---

Bíonn cruinnithe rialta ag Institiúid Choistí Iniúchta na hÉireann agus foilsítear páipéir atá ina n-ábhar spéise ag comhaltaí coistí iniúchta. Ceadáitear [www.auditcommitteeinstitute.ie](http://www.auditcommitteeinstitute.ie).

Tá treoir maidir le coistí iniúchta curtha i dtoll a chéile ag an Financial Reporting Council sa Ríocht Aontaithe do chuideachtaí a bhfuil a gcuid scaireanna liostaithe ar an Stocmhalartán i Londain. Tá an treoir sin ar fáil ar [www.frc.org.uk](http://www.frc.org.uk).

## Séanadh

Leagtar amach sa Treoir Ghairid seo roinnt de na dualgais bhunúsacha atá ar chuideachtaí faoin dlí i ndáil le coiste iniúchta. Ní hionann an Treoir agus léirmhíniú dlíodóireachta ar aon chuid d'Acht na gCuideachtaí. Ní ghlacann an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach le freagracht ná dliteanas ar bith i ndáil le hearráid, míchruinneas nó easnamh ar bith a bhainfeadh leis an treoir seo.



Oifig an Stiúirthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director  
of Corporate Enforcement

*Le haghaidh eolas eile:*

✉ Oifig an Stiúirthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach  
16 Cearnóg Pharnell  
Baile Átha Cliath 1  
Éire

☎ 01 858 5800  
Loghla 1890 315 015

☎ 01 858 5801

@ info@odce.ie

🌐 www.osfc.ie

*Tá leagan Béarla den leabhrán seo ar fáil  
An English version of this booklet is available*